Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Aibreán 2022
(OR. en)

7785/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0059(NLE)

SCH-EVAL 37
FRONT 145
COMIX 165

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	7784/22
Ábhar:	Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 a rinneadh ar an **nGréig** maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse **bhainistiú na dteorainneacha seachtracha**

1. Tar éis don Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú a ghlacadh, rinne na Ballstáit agus an Coimisiún meastóireacht ar an nGréig in 2021 maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha.

2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta agus chun a áirithiú go gcuirfidh an nGréig i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach na rialacha Schengen uile a bhaineann le bainistiú na dteorainneacha seachtracha.

3. D’fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 31 Márta 2022.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme, mar a leagtar amach in 7784/22 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.